C/2025/3850

8.7.2025

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2025/3850)

Dírítear aird Vadim Viktorovich VASILIEV (uimh. 1815), Nikita Evgenievich STASISHIN (uimh. 1816), Valeriy LEONOV (uimh. 1817), Alexey Sergeyevich GORESLAVSKY (uimh. 1818), Mark BLATT (uimh. 1821) ar an bhfaisnéis seo a leanas, ar daoine iad atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES [1] ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 [2] ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna agus/nó ar fhaisnéis nua. Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann leis an mbeart sriantach a choinneáil ar bun, **roimh an 14 Iúil 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Horizontal and Global Affairs
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
[2] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.